# RÉIDH DON TODHCHAÍ

## Straitéis UCD 2020-2024

University College Dublin
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# CLÁR ÁBHAR


3 **Réamhrá**

5 **Croí-ráitis**

9 **Ár dTéamaí Straitéiseacha**

- Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú
- Claochlú a dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach
- Domhan Sláintiúil a Fhorbairt
- An Cine Daonna a Chumasú

19 **Ár bPríomhchuspóirí**

29 **Ár bPríomháisitheoirí**

37 **Glacadh leis an Athrú agus Tionchar a Imirt Air**

# RÉAMHRÁ

**Tá níos mó deiseanna agus dúshlán romhainn anois ná mar a bhí riamh. Tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar an tsochaí mar gheall ar theicneolaíocht dhigiteach agus chumarsáide, agus tá an tsochaí féin ag cur athrú ó bhonn ar an gcomhshaol a thacaíonn le gach saol ar an domhan. Ó thaobh na cumarsáide agus an iompair de, tá an tsochaí níos ceangailte anois ná mar a bhí roimhe ach tá bealaí nua ag teastáil chun oibriú le chéile agus difríochtaí a réiteach.**







**Trínár dtaighde, ár n-oideachas agus an iliomad bealaí ina ndéanaimid caidreamh leis an domhan thart orainn, tá ról ríthábhachtach le himirt ag ollscoileanna sa ré réabhlóideach seo. Ag UCD, tá an deis againn agus an dualgas orainn a chinntiú go bhfuilimid ag cur le fás na hÉireann agus an domhain i ngach rud a dhéanaimid agus a deirimid.**

Cé go bhfuil traidisiún seanbhunaithe againn, is ollscoil don todhchaí muid. Táimid ceangailte agus cothaímid ceangail, glacaimid páirt agus meallaimid daoine eile le páirt a ghlacadh, agus táimid tiomanta do thodhchaí inbhuanaithe a chruthú atá bunaithe ar bhithsféar sláintiúil.

Beidh páirt ag ár gcéimithe, ár dtaighde agus an mbealach a dhéanaimid ár ngnó sa todhchaí sin. Agus níos mó idirbheart ná riamh á láimhseáil go leictreonach, beidh gníomhaíochtaí an duine ag brath níos mó ar chruthaitheacht, smaointeoireacht straitéiseach agus chriticiúil, réiteach fadhbanna agus cumarsáid.

Chun aghaidh a thabhairt ar na príomhthreochtaí sin ar bhealach nuálach agus réamhghníomhach, glacfaimid le ceithre théama straitéiseacha UCD. Beidh na téamaí ina gcuid lárnach de gach rud a dhéanaimid mar institiúid, agus tabharfaidh siad treoir dúinn maidir le forbairt ár mic léinn, ár dtaighde agus ár bpobal Ollscoile.

Cinnteoimid go gcuirfear ar chumas gach ball dár bpobal lán a gcumais a bhaint amach, agus glacfaimid le prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus an ionchuimsithe ionas nach gcuirfear aon duine as an áireamh.

Le cúig bliana anuas, tá dul chun cinn iontach déanta ag UCD i dtreo cuspóirí na Straitéise UCD 2015-2020 a bhaint amach. Chuireamar feabhas ar shástacht na mac léinn; ar cháilíocht, chainníocht agus tionchar an taighde; ar an gcóimheas idir mic léinn agus an fhoireann teagaisc agus comhionannas inscne. Tá sárobair déanta ach go háirithe maidir le rannpháirtíocht, téama lárnach den straitéis. Tá méadú mór tagtha ar rannpháirtíocht alumni, rannpháirtíocht tionscail agus rannpháirtíocht dhomhanda, agus tháinig méadú suntasach ar an tacaíocht dhaonchairdiúil freisin. Bhíothas ábalta an méid sin a bhaint amach mar gheall ar an ioncam nach ioncam státchiste é a d'fhorbraíomar, agus laghdú ag teacht ar mhaoiniú an rialtais d'ollscoileanna in Éirinn.

Le linn thréimhse ár straitéis dheireanach, d'athraíomar go tréimhse phleanála cúig bliana agus d'úsáideamar réamh-mheastacháin deich mbliana le haghaidh líon na mac léinn agus líon na foirne teagaisc, rud a chuir bonn eolais faoin bplean straitéiseach forbartha campais. Ghlacamar le straitéis airgeadais ina gcuirfear laghdú ar an gcóimheas idir mic léinn agus an fhoireann teagaisc agus lena dtabharfar aghaidh ar ár riachtanais bhonneagair thar thréimhse na straitéise. Mar sin, tá cuid mhaith dul chun cinn déanta cheana ag áisitheoirí na straitéisí seo. Baineadh amach, a bheag nó a mhór, roinnt de chuspóirí na straitéise sin. Tá roinnt cuspóirí eile fós le baint amach, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta againn cheana, agus tá na cuspóirí sin mar pháirt den straitéis nuashonraithe seo.

Is mór an chreidiúint do bhaill ár bpobal Ollscoile, ár gcomhpháirtithe agus ár dtacadóirí an dul chun cinn atá déanta in UCD le cúig bliana anuas. Táimid ag súil leis go leanfaidh sibh ar aghaidh ag tacú le UCD amach anseo agus muid ag tabhairt faoin gcéad chéim eile i stair na hOllscoile iontaí seo.

**An tOllamh Andrew J. Deeks**
Uachtarán An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# CROÍ-RÁITIS

**Is é ár misean tacú le dul chun cinn Bhaile Átha Cliath, Éireann, na hEorpa agus an domhain trí bharr feabhais agus tionchar ár dtaighde agus scoláireacht, trí chaighdeán ár gcéimithe agus trínár gcomhpháirteachas náisiúnta agus domhanda; agus, ar an mbealach sin, pobal tacúil a chur ar fáil ina gcuirfear ar chumas gach ball den Ollscoil barr a gcumais a bhaint amach.**

## Is iad seo a leanas na manaí atá againn

- **Ad astra** ***'i dtreo na réaltaí'*** a fhreagraíonn don tiomantas atá againn d'éachtaí agus do rath a bhaint amach.
- **Cothrom naféinne** a léiríonn ár dtiomantas do cheartas agus comhionannas.

## Is iad seo a leanas ár luachanna

- barr feabhais
- cruthaitheacht
- ionracas
- comhoibriú
- rannpháirtíocht
- éagsúlacht






## Is í ár bhfís don bhliain 2024:

Go dtabharfaidh UCD, mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann, aghaidh ar dhúshláin dhomhanda na todhchaí trí cheithre théama straitéiseacha a ghlacadh: Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú; Claochlú a dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach; Domhan Sláintiúil a Fhorbairt; agus an Cine Daonna a Chumasú. Rachaidh na téamaí straitéiseacha seo i bhfeidhm ar ár dtaighde, ár dteagasc agus foghlaim agus ar an mbealach a n-iompraímid muid féin agus a bhfeidhmímid mar phobal agus institiúid.

Glacfaimid le cur chuige domhanda maidir lenár réimse cuimsitheach disciplíní, cumhacht agus tionchar ár dtaighde agus nuálaíocht, ár n-eispéireas uilíoch oideachais, éagsúlacht ár bpobal Ollscoile, agus maidir lenár rannpháirtíocht le gach cuid den tsochaí agus gach réigiún den domhan. Seasfaimid amach de bharr an phobail fháilteach ionchuimsitheach atá againn, ár dtiomantas don nuálaíocht agus don cheartas, agus don tsolúbthacht a léiríonn muid. Tabharfaimid an chuid is fearr den domhan go hÉirinn agus an chuid is fearr d'Éirinn, a cultúir éagsúla san áireamh, go dtí an domhan.

Leanfaidh UCD de bheith ina hollscoil iontach atá dírithe ar an taighde agus a bhfuil clú uirthi agus tionchar aici ar fud an domhain, ollscoil ina n-oibreoidh mic léinn, foireann teagaisc agus baill foirne ardchéimíoch, éagsúil agus ionchuimsitheach i gcomhar le chéile chun cur le forbairt na hÉireann agus an domhain.

Beidh tuiscint mhaith ag ár gcéimithe ar an am atá thart, beidh siad ábalta scrúdú criticiúil a dhéanamh ar an lá atá inniu ann, agus beidh siad in ann an t-am atá le teacht a shamhlú agus a fhíorú. Buíochas le heispéireas uilíoch oideachais a dhíríonn ar mhic léinn, atá faoi threoir an taighde agus a bhfuil doimhneacht agus leithead aige, beidh an t-eolas, na scileanna, an taithí agus an dearcadh cuí ag na mic léinn chun go n-éireoidh go geal leo i sochaí na hÉireann agus an domhain amach anseo.


RÉIDH DON TODHCHAÍ
Straitéis UCD 2020-2024
PHRÍOMHCHUSPÓIR
ÁR bPRÍOMHÁISITHEOIRÍ
THÉAMA STRAITÉISEACH
Caighdeán, méid agus tionchar ár dtaighde, ár léann agus ár nuálaíocht a mhéadú.
Eispéireas oideachasúil ionchuimsitheach a sholáthar atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh dea-chleachtais idirnáisiúnta.
Ár ngníomhaíocht a fhorbairt de réir a chéile go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
Grúpa iontach éagsúil de mhic léinn, de bhaill foirne agus d'fhostaithe a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt.
Baill foirne breise den scoth a earcú.
Líon na mac léinn a mhéadú, ag feabhsú ár gcaighdeáin agus ár n-éagsúlacht.
Áiseanna acadúla agus saoráidí mac léinn den chéad scoth a thógáil.
Ardchórais agus seirbhísí a chur i bhfeidhm chun tacú lenár n-oibríochtaí.
Ár mbaill foirne teagaisc agus ár mbaill foirne eile a fhorbairt.
Ioncam sa bhreis, nach ón stát chiste é, a shaothrú.
SOCHAÍ DHOMHANDA INMHARTHANA A CHRUTHÚ
CLAOCHLÚ A DHÉANAMH TRÍD AN TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH
DOMHAN SLÁINTIÚIL A FHORBAIRT
AN CINE DAONNA A CHUMASÚ
UCD DUBLIN
University College Dublin
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath



Domhan Sláintiúil a Fhorbairt



An Cine Daonna a Chumasú

# ÁR dTÉAMAÍ STRAITÉISEACHA



Claochlú a dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach



Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú

**Chun bonn eolais a chur faoi fhreagairt UCD ar na dúshláin dhomhanda a chruthaíonn ár sochaí, atá ag athrú go tapa agus ag athrú ó bhonn, roghnaíomar ceithre théama straitéiseach ar a ndíreoimid ár n-iarrachtaí. Tabharfaimid aghaidh ar gach ceann de na téamaí sin ar bhealach iomlánaíoch. Rachaidh na téamaí i bhfeidhm ar ár dtaighde, ar theagasc ár bhfoirne teagaisc agus foghlaim ár mac léinn, agus beidh tionchar acu ar an mbealach a n-iompraímid muid féin agus a bhfeidhmímid mar phobal agus institiúid.**

Cruthóimid struchtúr rialachais chun ceannaireacht a chur ar fáil do gach téama. Beidh baill foirne teagaisc, baill foirne eile agus ceannairí mac léinn ábhartha mar chuid den struchtúr chun a chinntiú go bhfuil ár bhfreagairt ar na téamaí iomlánaíoch i ndáiríre.

Cothóimid feasacht, eolas agus scileanna ábhartha i ngach réimse téama le cláir oiliúna agus forbartha dár bhfoireann teagaisc, baill foirne eile agus mic léinn, agus don phobal i gcoitinne. Ar an mbealach sin, cuirfidh na téamaí le taighde, teagasc agus foghlaim ar fud ár ndisciplíní agus cuirfidh siad bonn eolais faoin mbealach a ndéanaimid ár ngnó mar eagraíocht. Ag an am céanna, leanfaimid ar aghaidh ag tabhairt faoi thaighde iontach sna disciplíní a chuireann feabhas ar eolas an duine.

Cuirfimid ciste tiomnaithe ar fáil do gach téama straitéiseach chun tionscadail nuálaíochta agus claochlaithe a chistiú, agus tabharfar tús áite do thionscadail a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu ar ár bpobal Ollscoile agus ar an tsochaí i gcoitinne.

# THÉAMA 01



*Ball d fhoireann Sheirbhísí Eastáit UCD ag breathnú ar ghrianphainéil ar árais chónaithe an champais*





# Sochaí Dhomhanda Inmharthana a Chruthú

**Már ábhar práinne, ní mór don chine daonna foghlaim conas maireachtáil ar bhealach atá inbhuanaithe gan dochar a dhéanamh don domhan a roinneann sí.**

Ní mór bia a tháirgeadh go hinbhuanaithe chun daonra seasmhach a chothú. Ní mór fuinneamh a sholáthar le foinsí inathnuaite, agus ní mór nach ndéanfadh na próisis chun an fuinneamh sin a ghiniúint agus a stóráil dochar don chomhshaol. Ní mór earraí saolta a dhéanamh le hábhair athchúrsáilte agus/nó inathnuaite. Ní mór laghdú a dhéanamh ar an éagothroime laistigh de phobail agus idir pobail. Beidh gá forbairt shuntasach a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus bonneagair, agus athrú a dhéanamh ar iompar agus institiúidí an duine, ar mhaithe leis na haidhmeanna sin a bhaint amach.

Tá tiomantas seanbhunaithe d'inbhuanaitheacht ag UCD. Bhí baill de phobal UCD chun tosaigh maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur le chéile. Bhíomar i gceannas ar réimsí taighde cosúil leis an mbithgheilleagar, an earnáil agraibhia agus fuinneamh inathnuaite, agus d'fhorbraíomar cláir oideachais i bhforbairt inbhuanaithe agus cúnamh daonnúil. Déanfaimid forbairt anois ar an saineolas sin chun freagairt iomlánaíoch a sholáthar ar na dúshláin a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, freagairt a chlúdaíonn agus a cheanglaíonn ár ngníomhaíochtaí sa réimse seo.

Leabóimid prionsabail na sochaí inbhuanaithe inár bpobal Ollscoile. Tabharfaimid faoi thaighde a dhéanfaidh dul chun cinn maidir le 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe trí eolas a ghiniúint, a roinnt agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a mbíonn an tionchar is mó is féidir aige. I dtaca leis sin, soláthróimid cláir idirdhisciplíneacha oideachais a thacóidh lenár mic léinn agus céimithe cur le sochaí inbhuanaithe a fhorbairt ar an mbealach is éifeachtaí.

Mar gheall ar shocruithe nua rialachais maidir leis an inbhuanaitheacht, beidh an ollscoil ábalta a huaillmhianta a fhorbairt, a chur in iúl, a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint do na dúshláin atá roimh an domhan. Cinnteoidh sé sin go léireoidh ár gcampas prionsabail na hinbhuanaitheachta ina beartais agus ina hoibríochtaí i dtaca le heastáit, fuinneamh, teicneolaíocht, soláthar, acmhainní daonna, rialachas agus comhpháirtíocht lenár gcomharsana agus leis an bpobal i gcoitinne. Leagfaidh an Ollscoil spriocanna uaillmhianacha síos agus tabharfaidh sí tuairisc gach bliain ar an dul chun cinn atá déanta i leith na spriocanna sin. Ar an mbealach sin, beidh an Ollscoil ina 'saotharlann bheo' a bhfuil mar aidhm aici pobal inbhuanaithe a bhaint amach.

# THÉAMA 02



Mic léinn ag úsáid fearais cinn réaltachta fíorúla in Ionad Gnó Uí Mhórdha UCD





# Claochlú a dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach

Tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar thionscail iomlána agus tá an bealach a n-oibrímid agus a n-eagraítear cuideachtaí agus institiúidí ag athrú mar gheall ar roinnt tosca: an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ar an ríomhaireacht agus an teicneolaíocht mhóibíleach, gréasáin atá ag éirí níos tapa agus a bhfuil níos mó agus níos mó acmhainne acu, forbairt na néalríomhaireachta agus na néalstórála, líon méadaithe na mbraiteoirí agus gléasanna atá ceangailte le gréasán, chomh maith leis an dul chun cinn suntasach maidir le hintleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim. Beidh uirlisí nua ar fáil i go leor timpeallachtaí mar gheall ar fhorbairtí breise in anailís sonraí agus intleacht shaorga. Dá bharr sin, beimid ábalta leas a bhaint as deiseanna agus dúshláin ar féidir linn a fheiceáil anois, chomh maith leis na hathruithe nach féidir linn a thuar ach nach mór dúinn a bheith ullmhaithe dóibh.

Tá níos mó agus níos mó idirbheart á mbainistiú ag córais ríomhaire anois, agus is dócha go mbeidh sochaí gan airgead tirim ann roimh i bhfad. Cuireann gléasanna agus feidhmchláir ar chumas tomhaltóirí idirghníomhaíocht dhíreach a dhéanamh le córais sonraí agus níl gá ach le beagán idirghabhála ó dhaoine. Cuirfidh forbairtí ar mheaisínfhoghlaim borradh breise faoin treocht sin, agus beidh uirlisí nua ar fáil i go leor timpeallachtaí oibre mar gheall ar anailís sonraí agus intleacht shaorga. Tá nádúr na hoibre ag athrú ó bhonn.

Tá UCD chun tosaigh cheana féin leis an obair shuntasach a rinne sí maidir leis an intleacht shaorga, an eolaíocht sonraí agus an chibearshlándáil. Tugtar aitheantas dúinn go forleathan as an obair nuálach ardthionchar ar thús cadhnaíochta a dhéanaimid i réimse an chultúir dhigitigh. Déanaimid ceannródaíocht i gcuir chuige nua idirdhisciplíneacha chun taifead agus anailís dhigiteach a dhéanamh ar an am atá thart, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an lá atá inniu ann, agus chun dul i bhfeidhm ar agus forbairt a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha amach anseo.

Beidh orainn leanúint ar aghaidh ag cur leis na hathruithe ó bhonn a chumasaíonn an teicneolaíocht dhigiteach, agus fíoróimid na féidearthachtaí sin inár bpobail; inár dtaighde, teagasc agus foghlaim; agus inár n-oibríochtaí agus inár gcinnteoireacht. Déanfaimid ár gcampas digiteach a chomhtháthú lenár gcampas fisiciúil chun timpeallacht fháilteach, nua-aimseartha agus spreagúil ó thaobh na hintleachta a chur ar fáil. Leabóimid an teicneolaíocht dhigiteach chun ceisteanna nua a chur, eolas nua a aimsiú, agus anailís a dhéanamh athuair ar an méid atá ar an eolas againn. Leabóimid an teicneolaíocht dhigiteach inár dteagasc agus foghlaim chomh maith, chun oibriú le chéile, seirbhísí a sholáthar, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar ár ngníomhaíochtaí agus tionchar mar institiúid agus tuiscint a fháil orthu sin chomh maith. Cuardóimid, aimseoimid agus tabharfaimid isteach bealaí nua chun feabhas a chur ar litearthacht dhigiteach ár mic léinn. Cuirfimid deiseanna ar fáil do gach ball dár bpobal ollscoile chun tuiscint a fháil ar, agus úsáid a bhaint as, teicneolaíochtaí digiteacha a bhaineann lena gceantair.



Crainn úll ó Bhailiúchán Úll Stairiúil na hÉireann Uí Luain Uí Chléirigh, Stáisiún um Thaighde Comhshaoil Chnocán na Rós UCD

THÉAMA 03

# Domhan Sláintiúil a Fhorbairt

**Tá gach dúil bheo ar an domhan ceangailte go dlúth tríd an mbithsféar.**

Ó mhiocróib a chónaíonn san ithir go daoine daonna, ceanglaíonn an biashlabhra agus an comhshaol gach dúil bheo. Mar sin féin, is minic a dhéantar dul chun cinn maidir le sláinte daoine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí ar leibhéal na miocrorgánach nó ar an leibhéal ceallach, agus tá forbairt thapa á déanamh ar chúram sláinte pearsantaithe bunaithe ar an mbithfhaisnéisíocht. Cé gur baineadh go leor amach ó thaobh cóireáil a dhéanamh ar ghalair thógálacha, tá méadú mór ag teacht ar líon na gcásanna de ghalair thógálacha, ach go háirithe sa domhan forbartha. Ní mór mar sin machnamh a dhéanamh ar go leor gnéithe éagsúla den tsláinte.

Is é UCD an t-aon ollscoil in Éirinn a thugann le chéile na heolaíochtaí sláinte daonna agus ainmhithe, na heolaíochtaí talmhaíochta agus bia, agus na heolaíochtaí comhshaoil agus sóisialta. Déanaimid neart taighde agus teagaisc i dtáirgeadh bia agus cothú agus sláinte, agus tá saineolas againn sa mhíochaine phearsantaithe, cúrsa saoil agus aosú an duine. Mar sin, tá deis ar leith againn aghaidh a thabhairt ar na sineirgí oideachais agus taighde idir na heolaíochtaí sláinte daonna, ainmhithe agus comhshaoil.

Déanfaimid dul chun cinn maidir le tuiscint ar shláinte agus folláine an duine, ainmhithe agus an chomhshaoil ar mhaithe leis an tsochaí, ón leibhéal ceallach go dtí leibhéal an daonra, agus ó leibhéal an duine go dtí leibhéal an bhithsféir ar an iomlán. Mar chuid de sin, aithneoimid an t-idirnasc idir gach dúil bheo agus bainfimid úsáid as an gcoincheap Sláinte Amháin ('One Health') dó seo. Beidh sé mar aidhm againn idirghabhálacha inbhuanaithe agus eiticiúla de gach aon chineál a chruthú a chuirfidh le sláinte agus folláine daoine aonair, daonraí agus an chomhshaoil. Cuirfear comhoibrithe nuálacha idirdhisciplíneacha teagaisc agus taighde chun cinn le dul i ngleic le gnéithe tábhachtacha de shláinte agus folláine an duine, ainmhithe agus an éiceachórais dhomhanda. Forbróimid agus tacóimid le cláir chun dea-shláinte a chur chun cinn, cosc a chur le galair agus drochshláinte, agus riochtaí sláinte a chóireáil.

Cuirfimid cláir sláinte agus folláine ar fáil do gach ball de phobal ollscoile UCD, agus mar sin déanfaimid forbairt ar an tionscnamh UCD Sláintiúil. Cuirfimid UCD chun cinn mar shamhail do shochaí sláintiúla, agus déanfaimid iarracht oideachas a chur ar gach ball dár bpobal maidir le gnéithe bunúsacha an tsaoil sláintiúil agus na tairbhí a bhaineann le slí mhaireachtála sláintiúil a bheith ag duine.



*Ag léiriú comhréir leis an tsíon: Wind and Water le Paddy Campbell*

# THÉAMA 04





# An Cine Daonna a Chumasú


Beidh sé thar a bheith tábhachtach tuiscint a fháil ar cad a théann i bhfeidhm ar smaointeoireacht an duine agus a spreagann daoine chun dul i ngleic go rathúil leis na dúshláin shochaíocha a chuirtear in iúl inár gcéad trí théama straitéiseacha, agus chun go gcuirfear ar chumas gach ball den phobal Ollscoile barr a gcumais a bhaint amach inár sochaí inniu agus amach anseo. Cabhróidh an tuiscint seo le saincheisteanna sochaíocha atá ag teacht chun cinn a shárú chomh maith, amhail dúshláin na meabhairshláinte, an treibheachais agus leithliseachais, agus diúltú an eolais eolaíochta agus an tsaineolais.

Ní féidir dúshláin shochaíocha a shárú ach amháin trí iompar daoine a athrú. Tá sé deacair iompar a athrú, agus ní féidir athrú fadtéarmach a bhaint amach gan athrú iompair a bhaint amach ag leibhéal an daonra. Beimid inchurtha leis an dúshlán seo trí leas a bhaint as leithead agus doimhneacht an tsaineolais atá ar fáil ar fud na hollscoile chun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar imthosca sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha a théann i bhfeidhm ar iompar daoine atá sláintiúil agus inbhuanaithe. Leanfaimid chomh maith de thuiscint iomlánaíoch a fháil ar iompar agus idirghníomhaíochtaí na ndaoine i sochaithe, eagraíochtaí agus cultúir, agus tuiscint a fháil ar an gcine daonna i gcoitinne.

Mar gheall ar an teicneolaíocht dhigiteach, tá líon na ndaoine a oibríonn i réimsí na cruthaitheachta, na smaointeoireachta straitéisí agus criticiúla, an réitithe fadhbanna, na hoibre foirne agus na cumarsáide ag dul i méid. Mar sin, tá na scileanna idirphearsanta sin ag éirí níos tábhachtaí i gcomhthéacs na fostaíochta agus na ceannaireachta. Ós rud é gur tháinig laghdú ar obair atriallach agus méadú ar líon na rudaí a tharraingíonn aird daoine ón obair, tá scileanna idirphearsanta amhail an féinbhainsitiú agus an féinsmacht ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad.

Tá daoine ó thíortha agus réigiúin éagsúla ag teacht le chéile ar scála nach bhfacthas roimhe seo mar gheall ar dhomhandú an tsochaí, agus tá an taitheantas atá á thabhairt do luach na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta ag an leibhéal náisiúnta ag cur daoine i dteagmháil lena chéile. Tá an tionscal ag éirí níos ilnáisiúnta anois agus téann slabhraí soláthair fud fad an domhain. Mar sin, tá na scileanna ar leith a bhaineann le hobair thraschultúrtha, lena n-áirítear scileanna teanga, ag éirí níos tábhachtaí ó thaobh ratha, tuisceana agus réiteach fadhbanna de. Mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann, a bhfuil daonra mac léinn níos éagsúla aici ná aon ollscoil eile sa tír, tá deis ar leith againn an clár oibre seo a chur chun cinn.

Méadóimid ár dtaighde ar iompar an duine a thuiscint sa chomhthéacs seo atá ag athrú, agus cuirfimid deiseanna ar fáil do gach ball dár bpobal ollscoile chun tuiscint a fháil ar iompar agus smaointeoireacht an duine, agus na scileanna idirphearsanta agus inphearsanta a fhorbairt a bhfuil gá leo chun go n-éireoidh le duine maireachtáil agus oibriú i ndomhan atá ag athrú ó bhonn agus atá ag éirí níos domhanda.





# ÁR bPRÍOMHCHUSPÓIRÍ









**D'fhonn ár bhfís don bhliain 2024 a bhaint amach, leagamar ceithre phríomhchuspóir síos a ndíreoimid orthu le linn na tréimhse 2020-2024.**


Glacfar lenár gceithre théama straitéiseach i ngach ceann de na príomhchuspóirí sin. I gcás gach príomhchuspóir, shainaithníomar eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) agus spriocanna le haghaidh na ETFanna sin ionas gur féidir linn ár ndul chun cinn a mheas i gcomparáid leis na cuspóirí.

PRÍOMHCHUSPÓIR

01



# Caighdeán, méid agus tionchar ár dtaighde, ár léann agus ár nuálaíocht a mhéadú.



Struchtúr dromchla duille cruithneachta le Zsolt Váry, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD



**Tá taighde, scoláireacht agus nuálaíocht den chéad scoth mar bhunphrionsabal ag Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé sin le feiceáil i ngach ceann dár ndisciplíní agus clúdaíonn sé réimse leathan oibre, ón mbuntaighde domhain go dtí feidhmeanna ceannródaíocha.**

Tá ár dtiomantas d'eolas agus réitigh nua a fhorbairt agus a sheachadadh thar a bheith tábhachtach faoi láthair, mar tá an teicneolaíocht ag athrú an comhshaol agus an tsochaí ó bhonn níos mó ná riamh. Leanfaimid d'aghaidh a thabhairt ar cheisteanna tábhachtacha agus tionchar a imirt lenár dtorthaí, agus leagfar béim ar leith ar ár dtéamaí straitéiseacha.

Beidh ról ríthábhachtach ag an taighde, scoláireacht agus nuálaíocht i bhforbairt tallainne, agus táimid ag iarraidh go n-éireoidh go hiontach le gach duine a dhéanann, a thacaíonn le nó a phléann le taighde ar aon bhealach eile in UCD. Déanfaimid na tairbhí atá ann d'fhochéimithe a dhéanann a n-oideachas i dtimpeallacht dhiantaighde a threisiú agus cuirfimid struchtúr ar na tairbhí sin chomh maith. Beidh tacaíochtaí níos fearr maidir le forbairt ghairme ar fáil do mhic léinn iarchéime agus taighdeoirí iardhochtúireachta. Déanfaimid ár gcláir oiliúna do bhaill foirne teagaisc, ball foirne taighde agus baill foirne tacaíochta taighde a fhorbairt níos mó, bunaithe ar na deachleachtas idirnáisiúnta, chun tacú leo a n-uaillmhianta in UCD a fhíorú.

Beidh feabhas taighde ag croílár ár bpróiseas earcaíochta do bhaill foirne teagaisc go fóill, agus tacóidh ár scéimeanna nua earcaíochta le méadú a chur ar líon na mball foirne a dhéanann taighde den chéad scoth. Cuirfimid méadú ar ár gcumas i réimse ár dtéamaí straitéiseacha, agus cinnteoimid go meallann ár dtaighde gach mac léinn de chuid UCD agus go dtéann an taighde i bhfeidhm ar gach mac léinn, agus go n-imríonn an taighde tionchar ar ár n-iompar mar eagraíocht.

Tá comhpháirtíochtaí thar a bheith tábhachtach dár gcumas tionchar a bheith againn trínár dtaighde, scoláireacht agus nuálaíocht. Cothóimid comhpháirtíochtaí láidre le hollscoileanna den chéad aicme agus eagraíochtaí taighde eile, leis an tionscal agus eagraíochtaí pobail agus sóisialta, agus déanfaimid na comhpháirtíochtaí sin a bhainistiú ar bhealach iomlánaíoch. Cuirfidh comhrá dhá bhealach leis an bpobal léargas seachtrach ar fáil dár dtaighde, agus cuirfidh sé ár dtaighde os comhar an phobail ar bhealach atá bríomhar agus spreagúil. Leanfaimid ar aghaidh le tacaíocht láidir ón phobal don taighde a chur chun cinn. Beidh sé sin bunaithe ar luach agus tionchar an taighde a chur in iúl ar bhealach soiléir spéisiúil.

Beidh ár ndíograis sa taighde le feiceáil i ngach gné dár n-oibríochtaí, agus beidh muinín asainn agus meas orainn mar fhoinse saineolais. Cuirfidh na deachleachtas idirnáisiúnta is fearr bonn eolais faoinár struchtúir thacaíochta don taighde agus don nuálaíocht. Cuirfimid feabhas ar iomaíochas thaighdeoirí UCD ó thaobh maoiniú taighde a fháil agus a dtorthaí taighde a chur i bhfeidhm ar bhonn tráchtála, más cuí. Déanfar forbairt bhreise ar ár gcláir chun tionchar ár dtaighde a mheas agus a chur in iúl. Cuirfimid méadú ar ár scéimeanna inmheánacha maoinithe a thacaíonn le taighde, go háirithe taighde den chéad scoth a bhfuil bearnaí maoinithe sa timpeallacht sheachtrach ina chonstaic dó. Trínár gcumas san anailísíocht taighde a fhorbairt, socrófar ionchais maidir le feidhmíocht taighde agus déanfar an fheidhmíocht sin a mheas.

Cuirfimid feasacht ar thaighde UCD chun cinn ar fud an domhain, inár bhfoilseacháin, inár gcaidreamh leis na meáin, agus nuair a ghlacaimid páirt i gcomhdhálacha agus cruinnithe idirnáisiúnta nó nuair a reáchtálaimid iad. Chomh maith leis sin, cuirfimid gluaiseacht ár dtaighdeoirí agus óstáil taighdeoirí ó eagraíochtaí comhpháirtíochta chun cinn.

I ngach gné dár dtaighde, scoláireacht agus nuálaíocht, léireoimid ár dtiomantas don chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú, agus cloífimid leis na caighdeáin is airde ó thaobh ionracais, dínite agus measa de.


# PRÍOMHCHUSPÓIR 02

## Eispéireas oideachasúil ionchuimsitheach a sholáthar atá ar thús cadhnaíochta ó thaobh dhea-chleachtais idirnáisiúnta agus a réiteoidh ár gcéimithe le bheith rathúil sa tsochaí reatha agus i sochaí an todhchaí.

**Cuireann ár mic léinn lena gcumas páirt a ghlacadh sa tsochaí trí staidéar a dhéanamh i bpobal acadúil agus i timpeallacht foghlama saintógtha ina dtugtar modhanna traidisiúnta taighde, scileanna speisialta agus teicneolaíochtaí nua le chéile chun eolas domhain ar ábhair a fhorbairt.**

Tá mic léinn UCD ag foghlaim faoi na forbairtí is úire in eolas an duine agus faigheann siad léargas ar an méid atá le foghlaim fós trí thabhairt faoina bhfoghlaim i dtimpeallacht dhiantaighde. Ullmhaímid ár mic léinn chun scrúdú a dhéanamh ag na forbairtí sin trí chleachtais foghlama agus múinteoireachta, modhanna measúnaithe agus teicneolaíochtaí sofaisticiúla ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a leabú san oideachas a chuirimid ar fáil.





*Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD*



Is ollscoil dhomhanda muid a bhfuil pobal ó chúlraí éagsúla aici, agus dá bharr sin faigheann mic léinn UCD taithí ar dhearcthaí nua, neartaítear a dtuiscint agus beachtaítear a smaointe. Trí dheiseanna a chur ar fáil do mhic léinn tréimhsí staidéir a chaitheamh thar lear agus iad féin a thumadh i gcultúir eile, cuirimid ar a gcumais na scileanna cumarsáide agus teanga a fhorbairt atá riachtanach chun deiseanna a thapú agus dúshláin amach anseo a shárú. Trí dheiseanna breise a thabhairt do mhic léinn foghlaim taobh amuigh den seomra ranga agus taighde a dhéanamh i dtimpeallachtaí tionscail agus proifisiúnta trí intéirneachtaí agus socruithe oibre, obair dheonach agus gníomhaíochtaí comhchuraclaim, tugaimid seans dóibh foghlaim agus a gcuid foghlama a chruthú i dtimpeallachtaí nua. Leis an gcur chuige príomhshruthaithe seo – ("Ollscoil do Chách") – aithnímid, cuirimid chun cinn agus tá meas againn ar an éagsúlacht, ar spiorad an ionchuimsithe, ar fhairsinge an chumais, ar thaithí agus ar ionchuir gach mac léinn, agus déanaimid gach iarracht na bacainní ar rochtain, rannpháirtíocht agus rath a bhaint.

Beidh meas againn i gcónaí ar fhairsinge agus doimhneacht na dtraidisiún éagsúil foghlama i ndisciplíní éagsúla. Déanfar é sin a bhaint amach trí chláir nuálacha idirdhisciplíneacha agus trasdisciplíneacha a thógáil ar bhun a chuireann ábhair agus disciplíní láidre ar fáil, agus trí úsáid a bhaint as solúbthacht ár gcuraclaim chun cur ar chumas ár mic léinn speisialtóireacht a dhéanamh ag ardleibhéal i réimse dírithe staidéir nó scrúdú níos leithne a dhéanamh ar réimse ábhar difriúil. Cinnteoimid go mbeidh measúnú éagsúil i gceist, go ndéanfar na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leis a mheas go hiontaofa, agus go bhfaigheann gach mac léinn an t-aiseolas is gá chun go bhfoghlaimeoidh sé nó sí ó na gníomhaíochtaí measúnaithe.

Cuirfear an dúshlán roimh mhic léinn aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a mbaineann le domhan ina bhfuil athrú tapa digiteach ar tarlú agus ina bhfuil ceisteanna bunúsacha maidir le hinbhuanaitheacht á bplé. Ar an mbealach sin, cuirfear ar a gcumas na ceisteanna sin a fhreagairt go ceannasach agus aghaidh a thabhairt ar na hathruithe sin chun domhan sláintiúil agus inbhuanaithe a thógáil. Cuirfimid deiseanna ar fáil scileanna idirphearsanta, idirchultúrtha agus saoil a fhorbairt, scileanna atá ríthábhachtach i sochaí atá ag éirí níos domhanda agus digití. Trí fhorbairt a dhéanamh ar ár bhfoireann teagaisc agus baill foirne eile, agus le modhanna agus speisialtóireachtaí saintógtha, cinnteoimid go mbeidh na ceithre théama straitéiseacha ina gcuid lárnach d'eispéireas gach mac léinn. Ar an mbealach sin, ullmhófar ár gcéimithe chun áit a ghlacadh i sochaí na linne seo agus sa tsochaí amach anseo.

Cuirfear na tacaíochtaí atá ag teastáil uathu ar fáil do mhic léinn, go tráthúil agus sa bhfoirm is inrochtana chun go mbeidh siad in ann buanna a fhorbairt a chabhróidh leo lántairbhe a bhaint as an am a chaitheann siad ar an ollscoil. Trí chultúr institiúide a chothú a chuireann an ionchuimsitheacht, caighdeáin den chéad scoth agus feabhas leanúnach chun cinn agus a léiríonn an meas céanna ar thaighde agus ar theagasc – ag leabú meicníochtaí institiúide a éascaíonn, a aithníonn agus a chúitíonn teagasc iontach – cuirfimid struchtúir ar fáil a chumasaíonn agus a chuireann feabhsú oideachais agus rath na mac léinn chun cinn.

Agus cultúr ionracais agus feabhais á chur chun cinn againn i measc ár mac léinn, leanfaidh an Ollscoil de bheith ina heiseamláir den mhacántacht agus den cháilíocht mar institiúid. Leanfaimid ar aghaidh monatóireacht a dhéanamh ar thaithí ár mac léinn agus ar thorthaí ár gcéimithe, a gcuid aiseolais a lorg agus gníomhú ar an aiseolas sin. Forbrófar bealaí nua chun na sonraí sin a bhailiú, anailís a dhéanamh orthu agus iad a chur in iúl chun an bonn eolais is fearr a chur faoi chinnteoireacht na hinstitiúide agus feabhas a chur ar chaighdeán an oideachais agus eispéireas na mac léinn.

# PRÍOMHCHUSPÓIR 03


*Tolglann Dhomhanda UCD*

## Ár ngníomhaíocht a fhorbairt de réir a chéile go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

**Ar mhaithe lenár misean a chomhlíonadh, cur le fás na hÉireann agus an domhain, leanfaimid ar aghaidh ár rannpháirtíocht a mhéadú ag gach leibhéal. Tá an rannpháirtíocht seo tábhachtach de bharr an tionchair a bhíonn againn taobh amuigh den ollscoil agus ó thaobh a chinntiú go bhfuil foghlaim ár mic léinn bunaithe ar rannpháirtíocht dhomhain sa tsochaí áitiúil agus dhomhanda, agus ó thaobh a chinntiú go bhfuil an tsochaí i gcoitinne mar bhonn eolais ag ár dtaighde agus go bhfuil ár dtaighde ábhartha don tsochaí sin. Le linn thréimhse na straitéise seo, déanfaimid an rannpháirtíocht sin a neartú.**

Cruthóimid eispéireas fíordhomhanda do phobal UCD, agus cinnteoimid go leabófar carachtar domhanda i ngach gné de ghníomhaíocht na hinstitiúide. Cuirfear deiseanna ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn leas a bhaint as tionscnaimh ghluaiseachta fhíorúla agus fhisiceacha. Tacóidh sé sin le forbairt inniúlachtaí idirchultúrtha agus cuirfidh sé feabhas lena gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh i sochaí dhomhandaithe. Leis na gníomhaíochtaí a chuirimid ar fáil, spreagfaimid fiosracht agus íogaireacht chultúrtha i measc ár mic léinn, foireann teagaisc, baill foirne eile, alumni agus páirtithe.

D'fhorbraíomar creatlach láidir chun comhpháirtíochtaí domhanda a aithint, a fhorbairt agus a bhainistiú. Leis an gcreatlach sin, roghnóimid líon beag páirtithe tosaíochta do UCD a mbeidh an uaillmhian chéanna acu ceithre théama straitéiseacha UCD a chur i gcrích. Forbróimid naisc nua chomhoibríocha agus tapóimid deiseanna oideachais trasnáisiúnta chun tacú lenár bpobal foghlaimeoirí idirnáisiúnta agus chun an pobal sin a mhéadú.

Leanfaidh UCD ar aghaidh leis an gclár trínar éirigh léi comhpháirtíochtaí móra iomlánaíocha straitéiseacha a fhorbairt leis an tionscal agus eagraíochtaí eile, agus mar sin leas comhchoiteann a bhaint amach trí chaidreamh a dhéanamh ar bhealach struchtúrtha. Daingneoimid na príomhchomhpháirtíochtaí atá againn faoi láthair agus cothóimid comhpháirtíochtaí amach anseo áit a mbíonn leas comhchoiteann ann. Mar sin, beimid ábalta ár dtionchar ar an tsochaí a mhéadú agus feabhsófar eispéireas na mac léinn agus rannpháirtíocht thaighdeoirí. Ceanglóimid an t-eolas agus an saineolas ar ábhair atá ag ár bhfoireann teagaisc leis na riachtanais oiliúna agus forbartha atá ag ár gcomhpháirtithe sa tionscal, sa tseirbhís phoiblí, agus in eagraíochtaí pobail le hoideachas saincheaptha.

Is cuid thábhachtach do phobal UCD alumni na hollscoile, daoine atá lonnaithe i mbeagnach gach tír ar domhan. Thar thréimhse na straitéise seo, cothóimid níos mó nasc le alumni UCD, cuirfimid ar an eolas iad, tabharfaimid cumhacht dóibh agus bainfimid leas astu chun go nglacfaidh siad páirt agus go dtacóidh siad leis an Ollscoil i gcoitinne. Déanfar é sin chun go gcuirfidh siad go gníomhach le fás agus forbairt na hOllscoile, agus cinnteofar go bhfuil meas acu ar UCD agus go gcreideann siad go bhfuil ábharthacht ag UCD. Neartóimid naisc ár bpobail Ollscoile trí uaillmhian ár mac léinn a chur le chéile le taithí ár gcéimithe agus ár gcláir mheantóireachta a leathnú. Cuirfimid na cleachtais idirnáisiúnta is fearr i bhfeidhm maidir lenár gcláir caidrimh d'alumni i mbainistíocht saorálaithe, imeachtaí saincheaptha, cumarsáid agus teagmháil dhigiteach, deiseanna tiomsaithe airgid, agus trí mhéadú a chur ar ár líonraí de chraobhacha alumni ar fud an domhain. Trí chaidreamh a bhunú le mic léinn ar bhealach dáiríre sula dtéann siad isteach sa phobal alumni, cuirfimid chun cinn malartú fiúntach idir alumni agus mic léinn. Dá bharr sin, cothófar ceangail níos láidre idir na alumni nua agus an ollscoil agus beidh siad níos rathúla amach anseo.

Leanfaimid orainn forbairt a dhéanamh ar an traidisiún seanbhunaithe agus uasal atá againn go bhfreastalaíonn ár bhoireann agus mic léinn ar riachtanais an tsochaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bainfimid leas as ár mBeartas um Obair Dheonach d'Fhostaithe, beartas a thugann deis d'fhostaithe am oibre a úsáid chun dul i mbun oibre deonaí. Mar sin, cuirfimid méadú ar líon na mball foirne a ghlacann páirt sa phobal ar an dóigh sin. Déanfaimid tuilleadh forbartha ar an tsamhail 'Comhpháirtí Carthanachta Pobail UCD', samhail trína dtugann an Ollscoil tacaíocht bhreise ar fáil do charthanachtaí ar leith. Leis an tionscnamh 'UCD sa Phobal', leanfaimid orainn fostaithe agus mic léinn UCD a nascadh leis an bpobal i gcoitinne ar mhaithe leis an leas comhchoiteann. Mar chúiteamh, cumasaítear pobal UCD mar shaoránaigh dhomhanda atá feasach ó thaobh an tsochaí de. Méadóimid an scéim gradam comhchuraclaim 'UCD Advantage' agus cinnteoimid go bhfuil sé ar fáil do gach mac léinn. Méadóimid deiseanna foghlama seirbhísbhunaithe agus comhchuraclaim, agus/nó cuirfimid scileanna agus saineolas na mac léinn i bhfeidhm i dtionscadail phobalbhunaithe.

PRÍOMHCHUSPÓIR

04

## Grúpa iontach éagsúil de mhic léinn, de bhaill foirne agus d'fhostaithe a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt.



*Campa aclaíochta de chuid Shláinte UCD don fhoireann teagaisc agus do bhall foirne*

**Tá daoine den chéad scoth a oibríonn i dtimpeallacht thacúil ag teastáil chun feidhmíocht den chéad scoth a bhaint amach. Cothaíonn éagsúlacht, de gach uile chineál, forbairt smaointeoireachta agus ceistíonn sí an status quo.**

Leanfaimid de luachanna UCD a chur i bhfeidhm sa phobal. Ar an mbealach sin, cinnteoimid gur áit mhealltach í UCD le hoibriú, le cónaí agus le staidéar ann. Bainfimid úsáid as na luachanna sin inár gcleachtais earcaíochta do mhic léinn agus fostaithe araon, rud a mhéadóidh éagsúlacht an dá ghrúpa, leathnófar amach deiseanna rannpháirtíochta agus éileofar caighdeán ard maidir le feabhas an duine aonair i gcónaí. Cuirfimid oideachas saincheaptha ar fáil chun tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil i measc grúpaí éagsúil, leanfaimid ar aghaidh leis an mbeartas tuilleadh mac léinn idirnáisiúnta a earcú, agus tabharfaimid faoi fhor-rochtain le grúpaí atá faoi ghannionadaíocht chun feabhas a chur ar éagsúlacht chohórt na mac léinn.

Is cuid lárnach dár misean agus dár bhfís pobal tacúil agus ionchuimsitheach de mhic léinn, baill foirne teagaisc agus baill foirne eile, céimithe agus an diaspóra a thógáil. Oibreoimid le chéile chun timpeallacht mhealltach, chairdiúil agus inrochtana a dhéanamh de UCD. Cinnteofar go bhfuil an campas digiteach agus fisiceach fáilteach, nua-aimseartha agus sábháilte agus go bhfreagraíonn na seirbhísí do riachtanais na ndaoine go léir a úsáideann iad.

Ardóimid feasacht, cuirfimid tuiscint níos fearr chun cinn, agus cuirfimid rannpháirtíocht níos mó chun cinn maidir le saincheisteanna comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe ar fud phobal na hOllscoile trínár mBeartas agus Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh air. Leanfaimid orainn Plean Gníomhaíochta na hInstitiúide um Chomhionannas Inscne a chur i bhfeidhm, agus oibreoimid i dtreo an Gradam Airgid Athena SWAN a bhaint amach sula gcuirfear an straitéis seo i gcrích. Mar gheall ar na bearta a dhéantar ar bhonn leanúnach chun fáil réidh le neamhionannas inscne, tiocfaidh méadú ar líon na mban i bpoist shinsearacha acadúla agus riaracháin. Leanfaimid orainn cultúr dínite agus measa agus folláine do chách a chur chun cinn, chomh maith le fáil réidh le gach cineál idirdhealaithe.

Cuirfimid méadú ar líon na mac léinn a fhanann linn go dtí go mbaineann siad céim amach trí shraith chuimsitheach bearta tacaíochta do mhic léinn a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí do mhic léinn den chéad scoth. Chun tacú le rath ár mic léinn go léir, déanfaimid na seirbhísí do mhic léinn a chomhtháthú chun a chinntiú go gcuirtear ar fáil leibhéal seasmhach tacaíochta ardchaighdeáin do mhic léinn, beag beann ar an ábhar nó disciplín, áit nó modh staidéir, nó cibé acu an bhfuil an mac léinn á mhúineadh nó an bhfuil an mac léinn ag déanamh taighde. Neartófar na tacaíochtaí sin le córais ardleibhéil a bhaineann úsáid as sonraí mac léinn chun idirghabhálacha tráthúla a dhíriú agus a phearsantú. Déanfaimid forbairt ar na tacaíochtaí saincheaptha a chuirimid ar fáil do mhic léinn a thagann as pobail faoi mhíbhuntáiste, mic léinn faoi mhíchumas, mic léinn aibí, teifigh agus iarrthóirí tearmainn, agus forbróimid tacaíochtaí nua chomh maith do phobail eile áit a n-aithnímid riachtanas.



Cabhróidh sé phríomháisitheoir linn ár dtéamaí straitéiseacha agus príomhchuspóirí a bhaint amach, rud a bheidh mar bhonn ag ár rath. Le cúig bliana anuas, d'fhorbraíomar pleananna don todhchaí a raibh sonraí éagsúla acu le haghaidh gach ceann de na háisitheoirí sin. Sna cúig bliana atá amach romhainn, déanfaimid na pleananna sin a chur i bhfeidhm, a bheachtú agus a leathnú chun a chinntiú go gcoinneoimid tréimhse leanúnach phleanála cúig bliana do gach áisitheoir.

# ÁR bPRÍOMHÁISITHEOIRÍ



Rannpháirtithe ag clár Staidéar Thar Lear le haghaidh ollscoileanna comhpháirtithe na Síne, á óstáil ag UCD Ar Fud na Cruinne le hAcadamh Nuálaíochta UCD agus Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD

## PRÍOMHÁISITHEOIR 01

## Baill foirne breise den scoth a earcú.

Mar gheall ar an laghdú a tháinig ar an maoiniú a fuair UCD ón stát sa tréimhse i ndiaidh na Géarchéime Airgeadais Domhanda in 2008, tháinig méadú ar ár gcóimheas idir mic léinn agus baill foirne teagaisc, ó 17.2:1 go dtí 23.2:1. D'éirigh linn an cóimheas sin a laghdú arís go dtí 20.9:1, ach tá sé sin go maith os cionn an chaighdeáin i dtíortha san Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE).

Sa chéad chúig bliana eile, tá rún againn dóthain ball foirne a earcú chun an cóimheas idir mic léinn agus baill foirne teagaisc a laghdú go 16:1. Tugann an méadú beartaithe sin ar líon na mball foirne teagaisc deis dúinn ár gcumas a thógáil i réimsí ina bhfuil deiseanna agus riachtanais. Déanfaimid cinnte go bhfuil na baill foirne bhreise sin ar fheabhas ó thaobh taighde agus teagaisc de, agus beimid ag súil leis go n-oibreoidh siad chun téamaí straitéiseacha na hOllscoile a fhorbairt.

Déanfar an méadú ar líon na mball foirne a bhaint amach trí mheán dhá mheicníocht. Ar an gcéad dul síos, coinneoimid samhail bhuiséadaithe a mhéadaíonn caiteachas i scoileanna fad a mhéadaíonn siad ioncam. Mar sin, cinnteofar go dtéann na baill foirne teagaisc chuig na háiteanna a bhfuil an t-éileamh mac léinn iontu. Seachas i gcúinsí eisceachtúla, beidh na baill foirne bhreise a earcófar tríd an mheicníocht sin ag an gcéim luath ina ngairme. Éascóidh sé sin ár gcóras leanúnach ardaithe céime do bhaill foirne teagaisc.



Baill foirne teagaisc ó dhisciplíní éagsúla

Ar an dara dul síos, leanfaimid ar aghaidh baill foirne a earcú go lárnach le trí shruth: díreoidh an chéad cheann ar scoláirí iontacha luathghairme, an dara ceann orthu siúd a bhfuil dea-theist orthu go hidirnáisiúnta, agus an tríú ceann orthu siúd a oibríonn i réimsí ar aithnítear go bhfuil cumas ard ag baint leo. Tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh seo sna cúig bliana den straitéis seo.

Déanfar measúnú ar iarratasóirí i ngach ceann de na trí shruth ar an mbealach céanna. Cuirfear san áireamh dea-theist agus cumas (taighde agus teagaisc) an iarratasóra, agus déanfar measúnú de réir na nithe seo a leanas: Creatlach Forbartha UCD do Bhaill Foirne agus caighdeáin idirnáisiúnta don leibhéal i gceist; an cóimheas idir mic léinn agus baill foirne teagaisc don scoil ábhartha i gcomparáid le caighdeáin i measc grúpa den chineál céanna sa disciplín; cibe a gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir riachtanais ár dtéamaí straitéiseacha; má fhostaítear é/í, go gcuirfidh an t-iarratasóir lenár spriocanna comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a bhaint amach ag leibhéal na scoile agus na hollscoile.

Thar thréimhse na straitéise seo, tá sé mar aidhm againn 150 acadóir breise a earcú tríd an gcéad mheicníocht agus 370 acadóir a earcú tríd an dara meicníocht.

# PRÍOMHÁISITHEOIR 02

## Líon na mac léinn a mhéadú, ag feabhsú ár gcaighdeáin agus ár n-éagsúlacht.

Tugann réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha le fios go dtiocfaidh méadú suntasach ar líon na mac léinn Éireannach a rachaidh isteach san oideachas tríú leibhéal sa chéad deich mbliana eile. Mar an ollscoil is mó in Éirinn ó thaobh líon na mac léinn (coibhéis lánaimseartha) de, ba chóir do UCD í féin a ullmhú chun cuid den mhéid breise sin a ghlacadh isteach.


Mol Leabharlainne UCD

Ag an am céanna, mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann, tá tóir níos mó orainn ná riamh i measc mic léinn idirnáisiúnta ar mian leo oideachas ardleibhéil ar ardchaighdeán a fháil i dtimpeallacht oscailte fháilteach ina labhraítear Béarla.

Tugann an t-éileamh méadaithe ar oideachas UCD deis dúinn an ollscoil a mhéadú. Ar roinnt cúiseanna, tacófar le cur i bhfeidhm na straitéise seo má chuirtear méadú ar UCD. I measc na gcúiseanna, tá an deis againn ár soláthar céimithe a mhéadú i réimsí ardéilimh agus, ar an mbealach sin, cur le fás na hÉireann agus an domhain.

Aithnímid chomh maith an tairbhe a bhaineann ár mic léinn go léir as foghlaim i dtimpeallacht éagsúil ilchultúrtha inar féidir dearcthaí agus bealaí oibre difriúla a fheiceáil agus inar féidir na hinniúlachtaí idirchultúrtha ar gá leo chun oibriú go rathúil inár sochaí dhomhanda a fhorbairt. Mar sin, má earcaítear níos mó mac léinn ó thíortha eile agus grúpaí agus pobail neamhthraidisiúnta in Éirinn, feabhsófar eispéireas na mac léinn i gcomhréir leis na deachleachtas idirnáisiúnta.

Anuas air sin, má tá líon níos airde mac léinn againn beimid ábalta tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála, agus teagasc agus tacaíocht a sholáthar do mhic léinn ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, agus cuirfidh na táillí breise ar ár gcumas bonneagar teagaisc agus foghlama den chineál is úire a chistiú.

Dá bharr sin, tá sé mar aidhm againn líon iomlán na mac léinn a mhéadú 25% sa chéad deich mbliana eile, agus is meascán de mhic léinn náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheidh sa mhéadú sin. Díreoimid na méaduithe ar réimsí ina bhfuil tóir ard i measc mac léinn agus fostóirí orthu.



# PRÍOMHÁISITHEOIR 03


Ionad Gnó Uí Mhórdha UCD

## Tógáil ar ár gníomhaíochtaí go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá níos mó mac léinn agus fostaithe in UCD anois ná riamh. Chun a chinntiú go gcabhróidh ár n-áiseanna linn ár bhfís don bhliain 2024 a bhaint amach, agus chun a chinntiú go bhfuil na háiseanna cearta againn chun freastal ar na méaduithe ar líon na mac léinn agus na bhfostaithe atá beartaithe sa chéad dá cheann dár n-áisitheoirí, ní mór dúinn spásanna breise acadúla, spásanna áineasa spóirt agus mac léinn, agus cóiríocht do mhic léinn a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

D'fhorbraíomar Plean Straitéiseach Forbartha Campais UCD 2016-2021-2026 ina leagtar amach trí cheantar saintréithe éagsúla: an ceantar saintréithe acadúil (spás do ghníomhaíochtaí teagaisc, foghlama, taighde agus nuálaíochta); an ceantar saintréithe áiseanna spóirt agus mac léinn (spás dár bpáirceanna spóirt agus hallaí, dár lárionad do mhic léinn agus dár gclubanna agus cumainn mac léinn); agus ár gceantar saintréithe cónaithe (ina mbeidh ár n-árais chónaithe do mhic léinn, chomh maith le spásanna miondíola, áiseanna bia, seomraí cruinnithe agus áiseanna tacaíochta in 'ionad sráidbhaile').


Tá máistirphleananna á bhforbairt againn a bheidh mar threoir d'fhorbairt na dtrí cheantar amach anseo. Le linn tréimhse na straitéise sin, cuirfear deireadh leis na máistirphleananna sin agus déanfar dul chun cinn suntasach i dtreo iad a chur i gcrích.

Sa cheantar saintréithe acadúil, soláthróimid an Chéad Chéim de Champas na Todhchaí UCD (Lárionad na Cruthaitheachta UCD agus Lárionad um Fhoghlaim sa Todhchaí UCD); an tríú céim d'Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD; feabhsuithe suntasacha ar Áras Newman agus ar Leabharlann James Joyce; agus déanfar foirgneamh acadúil suntasach eile a phleanáil chun an acmhainn a bheidh ag teastáil chun freastal ar na méaduithe ar líon na mac léinn agus fostaithe atá beartaithe a chur ar fáil.

Sa cheantar saintréithe áiseanna spóirt agus mac léinn, cuirfimid an mháistirphleanáil i gcrích agus soláthróimid raon reatha nua, halla ilchuspóireach, spásanna léirithe, agus déanfar go leor dár bpáirceanna spóirt a threoshuí arís agus a athdhromchlú, i gcomhar lenár mic léinn.

Sa cheantar saintréithe cónaithe, cuirfimid Céim 1 agus Céim 2 dár máistirphlean cónaithe i gcrích, rud a chuirfidh an tIonad Sráidbhaile agus thart ar 2200 leaba breise ar fáil. Cinnteoimid chomh maith go mbeidh go leor oibre déanta maidir le Céim 3 ina gcuirfear 800 spás leaba breise ar fáil.

Déanfaimid cinnte go dtacaíonn ár bhforbairtí campais le heispéireas mac léinn a chur ar fáil de réir na ndeachleachtas idirnáisiúnta, agus go gcuireann ár dtéamaí straitéiseacha bonn eolais faoin aidhm atá againn campas atá inrochtana, inbhuanaithe, sláintiúil agus atá cumasaithe go digiteach a fhorbairt, campas a léiríonn deachleachtas idirnáisiúnta chomh maith.



*Deasc na Mac Léinn UCD*

# PRÍOMHÁISITHEOIR 04

## Ardchórais agus seirbhísí a chur i bhfeidhm chun tacú lenár n-oibríochtaí.

Le linn na straitéise deireanaí, chuireamar feabhas ar ár struchtúir sheirbhíse agus chuireamar córais TF nua i bhfeidhm a thacaíonn lenár misean a chur i gcrích. Is ceannaire anois é UCD maidir le claochlú digiteach san ardoideachas in Éirinn. Is í an uaillmhian atá againn a bheith inár gceannaire idirnáisiúnta faoi 2024. Chun é sin a dhéanamh, beidh orainn measúnú a dhéanamh arís ar an mbealach a chláraíonn mic léinn, bealaí nua a chruthú maidir leis an mbealach a ghabhtar agus a fhaightear rochtain ar eolas, agus athshamhlú a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr struchtúr a chur ar sheirbhísí chun riachtanais na ndaoine a úsáideann iad a shásamh.

Le linn thréimhse na straitéise seo, forbróimid plean oibre cuimsitheach agus iomlánaíoch le haghaidh ár n-oibríochtaí a chlaochlú go digiteach, ár seirbhísí a nuashonrú agus a chuíchóiriú, agus dul chun cinn mór a dhéanamh maidir leis an bplean seo a chur i bhfeidhm. Ar an mbealach sin, beimid ábalta aghaidh a thabhairt ar na méaduithe réamh-mheasta ar líon na mac léinn agus na mball foirne teagaisc ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, chomh maith leis na forbairtí bonneagair atá beartaithe.

Tacóidh an plean oibre linn athruithe a phleanáil agus tionchar a imirt ar an bhforbairt phobail agus institiúide a chruthaímid leis an athrú sin. Déanfaimid cinnte go mbeidh UCD ina samhail de chlaochlú digiteach i dtimpeallacht ardoideachais i gcomhthéacs na hÉireann agus an domhain. Má chuirtear an plean oibre sin i bhfeidhm, tiocfaidh athrú mór ar an mbealach a ndéanaimid gnó agus a n-úsáidimid baill foirne.

Díreoimid ar cheithre chuid de phobal UCD – mic léinn agus a dturas, fostaithe agus a bhfostaíocht, bainisteoirí agus ceannairí agus a ngnáth-thascanna bainistíochta, agus scoláirí sna gnáth-thascanna a chumasaíonn a gcuid teagaisc agus taighde.

I ngach cás, déanfaimid cinnte go bhfuil na córais chuí dhigiteacha i bhfeidhm chun rudaí a dhéanamh níos simplí agus laghdú a dhéanamh ar an am a chaitheann an fhoireann ag déanamh gnáth-thascanna. Dá bharr sin, beidh baill foirne ábalta tacaíocht agus cúnamh ardleibhéil a chur ar fáil agus cur leis na ceithre théama straitéiseacha sa straitéis seo. Ar an mbealach sin, cuirfear feabhas ar eispéireas gach baill de phobal UCD.

Cuirfidh an t-áisitheoir seo go mór leis an téama straitéiseach 'Claochlú a dhéanamh tríd an Teicneolaíocht Dhigiteach', agus beidh an campas ina shamhail d'obair sa ré dhigiteach dá bharr.





# PRÍOMHÁISITHEOIR 05

## Ár mbaill foirne agus ár bhfostaithe a fhorbairt.

Sa straitéis seo, tugaimid gealltanas go ndéanfaimid cinnte go mbeidh na ceithre théama straitéiseacha ina gcuid lárnach de gach rud a dhéanaimid agus gach rud a ndéanann cur síos orainn mar phobal. De thoradh air sin, tiocfaidh athrú mór ar an mbealach a dhéanann an fhoireann teagaisc agus baill foirne eile a gcuid gnó agus a dhéanann siad a gcion. Chun an t-athrú sin a dhéanamh, tacófar le baill foirne teagaisc agus baill foirne eile le deiseanna oiliúna agus forbartha i gcultúr comhoibritheach ina bhfuil meas ar thiomantas do straitéis na hOllscoile.

Leathnóimid na deiseanna forbartha atá ar fáil do gach duine dár bhfostaithe, agus cothóimid cultúr ina dtacaítear leis an bhfeidhmíocht agus forbairt is fearr. Leanfaimid ar aghaidh ár gcreatlach 'Feidhmíocht ar mhaithe leis an bhFás' a leabú agus a bheachtú, rud a chinnteoidh go mbeidh an deis ag gach fostaí fás agus forbairt. Cuirfimid cláir nua forbartha i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh an deis ag gach fostaí eolas agus scileanna atá ábhartha dár dtéamaí straitéiseacha a fhorbairt. Cinnteoidh sé sin go bhfuil na téamaí sin ina gcuid lárnach den teagasc, den fhoghlaim, den taighde agus de na seirbhísí tacaíochta a chuirimid ar fáil.

Láimhseálfar gnáthidirbhearta agus gnáthcheisteanna le córais agus cuirfidh baill foirne tacaíocht agus cúnamh ardleibhéil ar fáil. Mar sin, beidh deis níos fearr ag daoine a bheith cruthaitheach, smaoineamh ar bhealach straitéiseach agus criticiúil, fadhbanna a réiteach agus cumarsáid a dhéanamh. Cuirfidh sé sin deiseanna ar fáil do bhaill foirne éirí as gnáth-thascanna a dhéanamh agus róil níos spreagúla agus níos cruthaithí a ghlacadh, agus beidh níos mó deiseanna ag baill foirne forbairt a dhéanamh agus dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid gairmeacha.

Bainfimid úsáid as eispéireas agus scileanna ár bhfoireann teagaisc agus ball foirne eile trí eiseamláirí de bharr feabhais a aithint agus cumhacht a thabhairt do dhaoine a gcuid scileanna agus saineolais a roinnt le comhghleacaithe agus a bheith i gceannas ar athruithe. Má tá dúshláin roimh an fhoireann teagaisc agus baill foirne eile, cuirfimid cultúr comhoibritheach agus macántachta chun cinn agus forbróimid córais aiseolais ionas gur féidir dúshláin a roinnt agus réitigh a aimsiú.


*Baill foirne agus foireann teagaisc UCD ag Club Ollscoile UCD*

# PRÍOMHÁISITHEOIR 06

## Ioncam sa bhreis, nach ón státchiste é, a shaothrú.

D'fhonn ár méadú uaillmhianach ar líon na foirne teagaisc agus ár gclár bonneagair a chistiú, méadóimid méid an ioncaim a ghinimid nach ioncam ón státchiste é. Faoi dheireadh thréimhse na straitéise, beimid ag giniúint €25 milliún sa bhreis in ioncam nach ioncam ón státchiste é gach bliain.

Forbróimid gníomhaíochtaí giniúna ioncaim a bhaineann úsáid as ár mbonneagar i ndiaidh na ngnáthuaireanta oibre, ag an deireadh seachtaine agus go háirithe le linn théarma an tsamhraidh. Méadóimid úsáid ár n-áiseanna teagaisc le linn na dtréimhsí ama sin agus méadóimid úsáid na cóiríochta do mhic léinn le linn an tsamhraidh.

Déanfaimid forbairt ar ghníomhaíochtaí scoileanna samhraidh agus comhdhálacha le linn an tsamhraidh, agus tabharfaimid faoi ghníomhaíochtaí chun a chinntiú go mbaintear leibhéal ard úsáide as an gcóiríocht, as na háiseanna spóirt agus na háiseanna do mhic léinn lena mbaineann agus go ngintear ioncam chun tacú le hoibríochtaí lárnacha na hOllscoile. Tabharfaimid tús áite do ghníomhaíochtaí a thacaíonn le príomhchuspóirí na straitéise.

Tríd Chlub Ollscoile UCD, bainfear tuilleadh úsáide as Halla Uí Raghallaigh agus ionaid ollscoile eile chun ceann de na háiseanna cruinnithe agus comhdhála is fearr i mBaile Átha Cliath a chur ar fáil, agus mar sin ginfear ioncam breise nach ioncam ón státchiste é trí seomraí a ligean ar cíos agus trí lónadóireacht.

Tá ollscoileanna ar fud an domhain ag brath níos mó ná riamh ar thacaíocht airgeadais óna gcéimithe, páirtithe corparáideacha agus daonchairde eile. Ní haon eisceacht í UCD. Le linn tréimhse na straitéise seo, oibreoimid chun méid na tacaíochta daonchairdiúla a fhaigheann an Ollscoil a mhéadú.

Déanfaimid scrúdú ar dheiseanna eile chun torthaí airgeadais a ghiniúint trí sócmhainní UCD, agus ag an am céanna tacóimid le príomhoibríochtaí na hOllscoile agus seasfaimid lenár luachanna agus dea-cháil.



*Samhradh ag UCD*



*Íomhá leis an Ollamh Tasman Crowe, glactha ar thuras allamuigh don Bhitheolaíocht Chomhshaoil sa Spáinn*

# Glacadh leis an Athrú agus Tionchar a Imirt Air.

**Mairimid i ré chorraitheach dhúshlánach. Leis an straitéis seo beidh UCD 'réidh don todhchaí'. Caithfear le dúshláin na ré mar dheiseanna, déanfar scrúdú iomlánaíoch arís ar conas a dhéanaimid taighde agus cad ar a ndéanaimid taighde, ar an mbealach a n-ullmhaímid ár mic léinn don todhchaí agus ar an mbealach a n-iompraímid muid féin mar institiúid.**

Aithnítear ceithre théama straitéiseacha sa straitéis seo a bheidh ina gcuid lárnach de gach gné den institiúid, rud nach ndearnamar roimhe seo agus atá ina eiseamláir den deachleachtais is fearr go hidirnáisiúnta. Aithníodh na téamaí sin trí chomhairliúchán forleathan a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. Cuireann siad treoir ar fáil dúinn don tréimhse amach anseo trína gcuirfimid le fás na hÉireann agus an domhain.

Tá dul chun cinn maith déanta againn maidir lenár sé phríomhháisitheoir a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, rud a bheidh mar thús iontach chun tuilleadh forbartha a dhéanamh. Cé nach féidir le haon duine an todhchaí a thuar, leis an straitéis seo beidh an deis ag UCD agus ag ár gcéimithe dul i bhfeidhm ar an todhchaí sin agus a bheith rathúil ann.

